M. 71T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 i.n. go dtí 4.30 i.n.

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **thrí** cheist. Ba chóir ceist **amháin** a roghnú as Roinn I, ceist **amháin** as Roinn II agus ceist **amháin** as Roinn III.

(b) Tá gach ceist ar cómharc. (50)

(c) Is cóir **sceistí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) Déan tagairt de réir mar is gá **do na léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh.**

---

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Déan cur síos agus plé ar na lámhdhéantúsáin réamhstairiúla óir atá ***léirithe ar an mbileog faoi iamh*** maidir le foirm, feidhm, maisiúchán agus na teicnící miotalóireachta a úsáideadh chun iad a tháirgeadh:

(a) *bulla óir* as **Portach Alúine, Contae Chill Dara**
(b) *scornán óir* as **Buiríos Nua, Contae Thiobraid Árann**
(c) *fáisceán óir ghúna* as **Cluain Eois, Contae Mhuineacháin.**

**2.** Maidir le méid, comhréir, maisiúchán agus ábhar meafarach cén chaoi a bhfuil difríocht idir *Cros Thuaidh Áth Eine*, Contae Thiobraid Árann agus *Cros na Scrioptúr*, i gCluain Mhic Nóis, Contae Uíbh Fhailí?

Tá an dá chros ***léirithe ar an mbileog faoi iamh***.

**3.** Déan cur síos agus plé ar mhainistir, shéipéal nó ardeaglais ó thréimhse **Ghotach na hÉireann** agus cuir i gcomparáid é le séipéal ó thréimhse **Rómhánúil na hÉireann**. Déan tagairt do phlean, stíl, agus ghnéithe ailtireachta agus maisiúchán i do fhreagra.

**4.** Cé nár thug **William Chambers** (1726 – 1796) cuairt riamh ar Éirinn rinne sé seoid de chuid ailtireacht Sheoirseach na hÉireann a dhearadh – *An Casino*, i Marino. Déan cur síos agus plé ar fheidhm, dhearadh, ghnéithe ailtireachta agus mhaisiúchán an Chasino agus cuir i gcomparáid é le foirgneamh Seoirseach eile de do rogha féin.

**5.** Bhí **Roderic O'Connor** (1860 – 1940) agus **William Orpen** ( 1878 – 1931) comhaimseartha lena chéile ach chleacht siad stíleanna an-éagsúil ina gcuid péintéireachta. Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt mhion do mhórshaothar amháin acu araon.

**6.** Roghnaigh duine amháin de na péintéirí/dealbhadóirí/dearthóirí/ailtirí díobh seo a leanas: Patrick Scott, Imogen Stuart, Tony O'Malley, John Behan, Seán Scully, Ciarán Lennon, Michael Scott, Eileen Gray, Philip Treacy. Déan cur síos agus plé ar dhá shampla shainiúla de shaothar an phéintéara/dealbhadóra/dearthóra/ailtire atá roghnaithe agat. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh do bhunábhar téamúil, meáin, stíl agus íomháineachas.

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – go dtí Inniu)

**7.** Déan comparáid agus contrárthacht idir príomhthréithe na hailtireachta sa tréimhse Rómhánúil agus Ghotach. Déan tagairt mhion do shéipéal Rómhánúil amháin agus d'ardeaglais Ghotach amháin.

**8.** Cad iad na príomhthréithe agus na príomhfheidhmeanna a bhí ag gloine dhaite? Bíodh tagairt i do fhreagra do dhearadh, dhath agus do theicnící déantúsaíochta fuinneoige amháin nó ghrúpa fuinneog.

**9.** Maidir leis an bpictiúr altóra, *Teachtaireacht an Aingil* le **Simone Martini** (1284 – 1344) **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh,** déan cur síos agus plé ar thréithe agus ar fhorbairt Ghotach Idirnáisiúnta mar stíl phéintéireachta.

**10.** Roghnaigh dhá phíosa dealbhóireachta le **Michelangelo**. Déan cur síos agus plé orthu seo maidir le forbairt iomlán a stíle, an bunábhar téamúil atá iontu agus a gcuid cáilíochtaí dealbhóireachta.

**11.** D'fhéadfaí filíocht ghlan fhisiúil agus grásta a thabhairt mar chur síos ar phictiúir ealaíne **Sandro Botticelli** (1455 – 1510). Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á dhéanamh agat do *La Primavera* **atá léirithe ar an mbileog faoi iamh** agus do shaothar amháin eile le Botticelli.

**12.** Bhí de bhua ag **Peter Paul Rubens** (1577 – 1640) ceapacháin mhóra dhaite a dhéanamh agus iad lán de dhrámaíocht agus de mhothúcháin a fhágann go maireann a chuid ealaíne sa chuimhne. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do *Tuirlingt ón gCrois*, ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh,*** agus do shaothar amháin eile le Rubens.

**13.** Roghnaigh saothar a luíonn i gceann **amháin** de na catagóirí seo a leanas:

(a) saothar péintéireachta nó grafaic a bhfuil uisce ann

(b) pictiúr a dhéanann cur síos ar chath nó ar chogadh

(c) pictiúr nó píosa dealbhóireachta eachrach

(d) pálás Barócach nó Rocócó

(e) pictiúr le healaíontóir Eispriseanach

(f) póstaer ón naoú haois déag

(g) píosa dealbhóireachta le Auguste Rodin (1840 – 1917)

(h) foirgneamh Nua-aimseartha nó iar-Nua-aimseartha

(i) saothar suiteála nó saothar fístéip-bhunaithe

Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat agus luaigh cén fáth a gceapann tú gur sampla maith dá chatagóir é. Déan tagairt do stíl agus theicníc an ealaíontóra. Ba chóir duit tagairt achomair a dhéanamh freisin do shampla amháin eile ar a laghad ón gcatagóir chéanna nó do shaothar amháin eile ar a laghad ag an bpéintéir/dealbhadóir/dearthóir/ailtire atá roghnaithe agat.

**14.** Déan cur síos agus plé ar an ábhar agus ar an íomháineachas i *An Chuideachta Bádóireachta* **le Pierre-Auguste Renoir** (1841-1919) agus *Tráthnóna Domhnaigh ar Oileán La Grande Jatte* le **Georges Seurat** (1859-1891). Tá siad ***léirithe ar an mbileog faoi iamh***. Déan tagairt i do fhreagra do dhath, do cheapadóireacht agus do láimhseáil an tsolais agus don chruth daonna.

**15.** Sainmhínigh na tréithe físiúla ag **ceann ar bith** de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas. Déan cur síos agus plé ar shaothar péintéara, dealbhadóra nó ailtire/dearthóra a raibh a chuid saothair ag teacht le stíl thipiciúil na gluaiseachta:

(a) Art Nouveau

(b) Ciúbachas

(c) Na Bauhaus

(d) Tógálachas

(e) Osréalachas

(f) Pop-Ealaín

## ROINN III – LÉIRTHUISCINT

**16.** Scríobh cuntas criticiúil ar **athchóiriú nó ar chaomhnú** sráide nó ar fhoirgneamh áirithe a bhfuil eolas agat air. Déan tagairt dá shuíomh sainiúil, do na cáilíochtaí físiúla a bhaineann leis an athchóiriú nó leis an gcaomhnú agus a mhéid a chuireann sé leis an timpeallacht iomlán.

**17.** Cuimhneachán ar an Mílaois is ea *Spuaic Bhaile Átha Cliath*. Déan anailís agus plé ar a cuid cáilíochtaí físiúla agus dealbhóireachta chomh maith leis an éifeacht atá aige ar an timpeallacht.

**18.** Bunaithe ar chuairt a thug tú ar mhúsaem nó ar ghailearaí ealaíne, déan cur síos agus plé ar an gcaoi a ndearna an músaem/gailearaí iarracht eolas a thabhairt do chuairteoirí agus a n-aird a fháil leis na lámhdhéantúsáin a bhí ar taispeáint. Ainmnigh an músaem nó an gailearaí agus déan tagairt do thaispeántais agus d'earraí áirithe a bhí ar taispeáint i do fhreagra.

**19.** Cad iad na príomhchosúlachtaí agus na príomhdhifríochtaí idir fótagrafaíocht d'am na huaire agus saothar fótagrafaíochta a ndéantar sainmhíniú air mar ealaín? Déan tagairt mar thaca le do fhreagra do na gnéithe ceapadóireachta a mheasann tú a bheith tábhachtach i bhfótagraf maith.

**20.** Bronnadh an teideal *Músaem Eorpach na Bliana i 2002* ar Leabharlann Chester Beatty. Cad iad na gnéithe dearthóireachta agus taispeántais a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn don ghradam suntasach seo, dar leat?

**21.** Tá an dearadh tríthoiseach dírithe ar fhadhbanna a bhaineann le feidhm, inúsáideacht agus praiticiúlacht a réiteach. Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do na ***léaráidí in éineacht leis seo*** de dhá chathaoir.

**22.** Scríobh reiviú atá le foilsiú in iris ealaíne ar scannán fantaisíochta/eachtraíochta ar nós *Lord of the Rings: The Two Towers* nó *Harry Potter: The Chamber of Secrets*. Déan tagairt do na hairíonna teicniúla agus físiúla a bhaineann leis an scannán atá roghnaithe agat. Cén fáth, dar leat, a bhfuil an oiread sin éilimh ag daoine i ngach aoisghrúpa ar na scannáin seo?

# Leathanach Bán